
## FÓGRA POIBLÍ

### An tAcht um Pleanáil Limistéar Muirí, 2021 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011

### Cuireadh d'aighneachtaí poiblí maidir le hiarratas ar cheadúnas úsáide muirí agus measúnú cuí




Tá iarratas déanta ag EirGrid chuig Údarás Rialála an Limistéir Mhuirí ('MARA') ar an 11/11/2024 ar cheadúnas úsáide muirí faoi alt 117 den Acht um Pleanáil Limistéar Muirí 2021 chun tabhairt faoi oibreacha imscrúduithe suímh mhuirí a chuirfidh bonn eolais faoin dearadh innealtóireachta agus measúnuithe comhshaoil do dhá fhostáisiún amach ón gcósta i Limistéar A Thonn Nua (mar a léirítear i Sainphlean Limistéir Mhuirí an Chósta ó Dheas), conairí féideartha do cháblaí tarchuir amach ón gcósta, bealaí isteach chuig seacht limistéar féideartha theacht i dtír, agus seacht limistéar theacht i dtír. Is do thréimhse cúig bliana atá an t-iarratas ar cheadúnas.

Tá Ráiteas Tionchair Natura gaolmhar curtha isteach in éineacht leis an iarratas ar cheadúnas thuas. Tá an t-iarratas ar cheadúnas agus an Ráiteas Tionchair Natura ar fáil lena n-iniúchadh ar shuíomh gréasáin MARA MUL240036 - MARA – An tÚdarás Rialála ar Limistéir Mhuirí agus ag an seoladh seo a leanas trí choinne — an tÚdarás Rialála ar Limistéir Mhuirí, an 2ú hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighneach, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

Féadfaidh baill den phobal ar mian leo aighneacht a dhéanamh i scríbhinn chuig MARA ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an Ráiteas Tionchair Natura é sin a dhéanamh agus an tagairt á lua acu: MUL240036 chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas licence@mara.gov.ie nó tríd an bpost chuig an seoladh seo a leanas: Aonad Ceadúnais, An tÚdarás Rialála Muirí, 2ú hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighneach, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

**Is é 17:30 ar an 23 Meitheamh 2025 an dáta agus an t-am deiridh chun aighneacht i scríbhinn a bheith faighte ag MARA.**

Déanfaidh MARA ansin, a luaithe is indéanta, cinneadh measúnachta cuí de réir rialachán 42 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011. Tar éis cinneadh a dhéanamh, déanfaidh MARA an t-iarratas ar cheadúnas a dheonú, a pháirtdheonú nó a dhiúltú.

Arna dhátú an 20ú lá seo de Bhealtaine 2025
**[Arna shíniú: Des Cox, Ionadaí de chuid EirGrid cpt]**